# Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

10 Meán Fomhair 2020

## AN LITRÍOCHT BHÉIL

Tá acmhainní nua don seomra ranga ar fáil ó Tuairisc.ie. Sé mhír déag atá sa sraith atá ar fáil agus é saor in aisce. Tá an t-ábhar bunaithe ar an saothar a bhailíodh ó Bhailiúchán na Scol, atá ar shuíomh www.duchas.ie. Comhfhiontar idir Tuairisc, Scoil an Oideachais in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus an Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta atá sa togra seo. Tá an t-ábhar dírithe, don chuid is mó ar scoláirí na sraithe sóisearaí in iarbhunscoileanna. Tuilleadh eolais le fáil ar líne ag www.tuairisc.ie




## LEABHAR TACAÍOCHTA: AG FILLEADH AR AN SCOIL

Tá *Aoife agus Daithí ag dul chuig Naíonra Pod Súgartha* ar fáil ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta. Leabhar do thuismitheoirí agus d'oibrithe luathbhlianta atá ann, le cúnamh, tacaíocht agus comhairle a thabhairt do pháistí ag filleadh ar ais ar sheirbhísí le linn na paindéime. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar leathanach Facebook na heagraíochta, ag @comharnaionrai nó is féidir glaoch a chur orthu ag: 091 595 337




## MÁIRTÍN Ó CADHAIN Á CHOMÓRADH

Leathchéad bliain ó shin a bhásaigh Máirtín Ó Cadhain, mór údar Gaeilge an chéid seo caite. Déanfar athléamh agus scrúdú ar a chuid gearrscéalta ag seimineár idirnáisiúnta ar líne a bheidh á óstáil i nGaeltacht na Gaillimhe ar an Aoine 18 Meán Fómhair idir 10r.n. agus 4i.n. Labhróidh seachtar saineolaithe as cheithre thír éagsúla ag an ócáid agus pléifidh siad saothar an Chadhanaigh arbh as an gCnocán Glas, sa Spidéal é ó dhúchas. Tá teorainn céad duine ar an lucht freastail agus moltar áit a chur in áirithe gan mhoill. Cló Iar-Chonnacht i gcomhar le hOÉ, Gaillimh atá á reáchtáil. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Chló Iar-Chonnacht ag 091 593 307 nó ag: eolas@cic.ie




## OÍCHE CHULTÚIR 2020

Ní fada anois go mbeidh Oíche Chultúir 2020 linn. Cé go raibh deacrachtaí le sárú i mbliana níor cuireadh stop leis an imeacht. Tá bealaí samhlaíocha, suimiúla curtha i bhfeidhm ag daoine agus eagraíochtaí ar fud na tíre le ceiliúradh a dhéanamh ar an gcruthaíocht ar an Aoine 18 Meán Fómhair. Leagtar béim láidir ar imeachtaí agus ar ócáidí digiteacha agus fíorúla i mbliana. Tá clár na hoíche le fáil ar an suíomh gréasáin, ag www.culturenight.ie

## GRADAIM CHUMARSÁIDE AN OIREACHTAIS


Fógraíodh an gearrliosta do Ghradaim Chumarsáide an Oireachtais 2020 le deireanaí agus tá neart de mhuintir Chois Fharraige san iomaíocht. Tá Cóilín Ó Neachtain as an Tulach sa gcomórtas d'iriseoir na bliana. Tá Caitríona Ní Chualáin as an Teach Mór san iomaíocht do Phearsa Teilfíse na Bliana. Tá Máirín Ní Ghadhra, de bhunadh na bhForbacha ainmnithe do ghradam Chraoltóir Solabhartha na Bliana agus Máire-Bríd Ní Chualáin, ó Ros a' Mhíl, do Réalt Óg na Bliana. Ainmníodh an clár Adhmhaidin le Gormfhlaith Ní Thuairisg as Indreabhán, do Shraith Raidío na Bliana. Chomh maith le sin, ainmníodh an togra **'Seo Í an Ghaeltacht'** de chuid na nOifigeach Pleanála Teanga agus Údarás na Gaeltachta i gcomórtais na bhfeachtais mheáin shóisialta. Tuilleadh eolais le fáil ag www.antoireachtas.ie Comhghairdeachas le chuile dhuine, agus chuile eagraíocht a ainmníodh. Guimis gach raith oraibh!

## FÁILTE AR AIS:CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh Club Leabhar Chois Fharraige ag teacht le chéile sa gCrúiscín Lán, sa Spidéal @ 12meánlae ar an Satharn 19 Meán Fómhair leis an leabhar *Bealach na Spáinneach* le Liam Mac Coil a phlé. Moltargur seisear ar a mhéid a bheadh ag chuile bhord as uasmhéid de thrí theaghlach. Is féidir breis eolais a fháil ar FB: Club Leabhar Chois Fharraige.

## COMHGHAIRDEACHAS LE MUINTIR NA HARDTEISTE

Comhghairdeachas ó chroí le chuile dhuine a fuair torthaí na hArdteiste le gairid. Éacht ar leith le linn bliana ar leith. Molann muid go hard sibh agus guíonn muid chuile rath oraibh ar an gcéad chéim eile de thuras an oideachais agus an tsaoil. Treise libh!




## IONAD NUA!

Beidh oifigí Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga lonnaithe i lár shráidbhaile an Spidéil ón 14 Meán Fómhair ar aghaidh. Beidh Katie agus Aoife, oifigigh an Fhóraim, lonnaithe thuas staighre in **Inis Fáil**, foirgneamh atá suite díreach trasna ó Chill Éinde. Beidh spás ar fáil ann freisin d'eagrais pobail d'imeachtaí sóisialta, do ranganna, do cheardlanna agus do chruinnithe. Ní féidir leis an bpobal a bheith ag teacht le chéile fós faraor ach coinnígí súil amach don chlár imeachtaí. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis na hoifigigh @ optchoisfharraige@gmail.com

## FOLÚNTAS: COMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA

Tá post mar Oifigeach Forbartha Luathbhlianta á thairiscint ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta faoi láthair. Duine cumasach agus fuinniúil atá á lorg. Deirtear go mbeidh an té a cheapfar lonnaithe i bpríomhoifig CNNG ar an gCeathrú Rua. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le hoideachas tríú leibhéal i gcúram leanaí mar aon le taithí feiliúnach ar luathoideachas/cúram leanaí. Tá líofacht agus cruinneas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge riachtanach. Tá sé tabhachtach go mbeadh cumas cruthaithe ag iarratasóirí i bpleanáil , i gcomhordú agus i measúnú éileamh agus riachtanais an phobail sa réimse luathbhliana. Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.cnng.ie. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 25 Meán Fómhair roimh 5i.n.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

### - TORTHAÍ NA BHFEAR-

| Dé Máirt 01/09 (Peil) F12 Craobh | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 3-06 |
| Bóthar na Trá/Cnoc na C. | 4-09 |

| Dé Céadaoin 09/09 (Peil) Sóis. (A) | |
|---|---|
| CLG Bhearna | 1-11 |
| Paróiste Mhichíl | 2-12 |

| Dé Máirt 01/09 (Peil) F14 R5 | |
|---|---|
| CLG Bhearna/Na Forb. | 3-08 |
| Lios na gCeann | 5-04 |

| Dé Céadaoin 09/09 (Peil) Sóis. (B) | |
|---|---|
| An Spidéal | 1-19 |
| Cumann Naomh Anna LM | 3-15 |

| Domhnach 06/09 (Peil) Sóis. (A) | |
|---|---|
| CLG Bhearna | 2-10 |
| Órán Mór | 1-08 |

| Dé Céadaoin 09/09 (Peil) Sóis. (B) | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 6-12 |
| An Clochán | 0-16 |

### - TORTHAÍ NA MBAN -

| Dé hAoine 04/09 Sóis. (B) | |
|---|---|
| Bearna | 4-14 |
| An Chailtreach | 2-16 |

| Dé Luain 07/09 F14 R2 | |
|---|---|
| An Spidéal | 11-15 |
| Bearna | 3-02 |

| Dé hAoine 04/09 F12 R2 B5 | |
|---|---|
| Maigh Cuilinn | 7-04 |
| CLG Micheál Breathnach | 3-06 |

| Dé Luain 07/09 F14 R3 B6 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 8-13 |
| Uachtar Ard | 4-07 |

| Dé hAoine 04/09 F12 R2 B5 | |
|---|---|
| Bearna | 8-06 |
| An Cheathrú Rua | 3-03 |

| Dé Luain 07/09 F12 R1 B5 | |
|---|---|
| An Spidéal | 5-08 |
| Cora Finna (A) | 3-06 |

## POSTAEIR DEACHLEACHTAIS COVID Ó GHAELOIDEACHAS

Tá póstaeir iontacha ar fáil ó Ghaeloideachas agus daoine fillte ar scoileanna agus ionaid chúram leanaí le gairid. Baineann na postaeir le dea-chleachtais atá molta na laethanta seo agus aghaidh á thabhairt ag muintir na tíre ar COVID-19. Is féidir na postaeir a fháil ar an suíomh greásáin www.gaeloideachas.ie

